

An
Coimisiún
Pleanála


**Ordú ón gCoimisiún
Commission Order
PA0033**

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú
Planning and Development Act, 2000, as amended
Údarás Pleanála: Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Planning Authority: Galway City Council**

Iarratas ar chead faoi alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, i gcomhréir le pleananna agus sonraí, lena n-áirítear Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura, ar thaisc Cuideachta Chuan na Gaillimhe faoi chúram TOBIN Consulting Engineers, Teach Fhaiche an Aonaigh, Bóthar Fhaiche an Aonaigh, Contae na Gaillimhe, iad leis an gCoimisiún Pleanála an 10^ú lá de mhí Eanáir 2014, mar a leasaíodh leis an bhfaisnéis bhreise a fuarthas an 16^ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2014 agus an 27^ú lá de mhí Mheán Fómhair 2024.

Forbairt bheartaithe: Tá sé beartaithe Cuan na Gaillimhe a shíneadh, lena n-áirítear:

- i. ballaí cé, muirmhúrtha agus tonnbhallaí a sholáthar chun céanna tráchtála agus saoráid nasctha domhainmhara a chruthú, rud a shínfidh ó dheas isteach i gCuan na Gaillimhe,
- ii. dreidireacht chun cainéal isteach nua a chruthú chuig na céanna tráchtála agus chuig na bearta saoráide nasctha domhainmhara,
- iii. thart ar 27 heicteár a mhíntíriú ón imeall trá agus ó ghrinneall na farraige,



- iv. na tailte míntírithé a fhorbairt agus cuid de na tailte ar Pháirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe in aice láimhe a athfhorbairt le haghaidh gnó a bhaineann leis an gcuan,
- v. muiríne a sholáthar ar an taobh thiar,
- vi. céanna iascaireachta, fánán do stáisiún bád tarrthála agus ionad loingseoireachta a sholáthar ar an taobh thoir,
- vii. nasc iarnróid lasta dé-riain a sholáthar ón líne iarnróid láithreach idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath chuig na céanna tráchtála, lena n-áirítear claífoirt, tardhroichead iarnróid chuig an mbóthar seirbhíse láithreach, agus scagadh laghdú torainn,
- viii. píblínte aistrithe ola agus biotúmain a thógáil chuig na humarfheirmeacha láithreacha ola agus biotúmain ar Pháirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe, agus saoráidí stórála uisce le haghaidh dóiteáin a sholáthar. Tagann sé sin faoi raon feidhme Threoir 96/82/CE ón Aontas Eorpach maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí, dá ngairtear Treoir SEVESO II,
- ix. foirgnimh a bhaineann leis an gcuan a sholáthar, lena n-áirítear oifig oibríochtaí calafoirt (ceithre stór), trádstóras bainistíochta cuain (aon stór), oifig muiríne (aon stór), críochfort paisinéirí (aon stór), agus spásanna coimhdeacha páirceála carranna agus seirbhísí coimhdeacha láithreáin, lena n-áirítear trí cinn d'fhostáisiúin de chuid Bhord Soláthair an Leictreachais, fostáisiún amháin de chuid Bhord Soláthair an Leictreachais a scartáil, trí cinn d'oifigí rialaithe, agus teach caidéil uisce críochfoirt ola, agus héileapad chun críocha cuardaigh agus tarrthála,
- x. bóithre rochtana a thógáil/a fheabhsú, lena n-áirítear athailíniú cothrománach agus ingearach a dhéanamh ar an mbóthar atá suite faoi bhun Dhroichead Iarnróid Bhóthar Loch an tSáile (déanamhas cosanta), agus ailíniú agus feabhsuithe a dhéanamh, lena n-áirítear soilse tráchta a sholáthar, ag an aomhal Bóithre Rochtana idir Bóthar na nDuganna, Bóthar na Long agus Páirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe (atá suite in aice le hÓstán an Chuain),
- xi. limistéir thírdhreachaithe agus thaitneamhachta a sholáthar, lena n-áirítear an stráice taitneamhachta a ceadaíodh roimhe seo a athsholáthar ón teorainn

A handwritten signature in blue ink is located in the bottom right corner of the page. To its left is a faint, circular official stamp, likely from the Planning Commission, which is partially obscured by the signature.

theas chun farraige de Pháirc Fiontraíochta Chalafort na Gaillimhe chun nasc taitneamhachta a chruthú ón muiríne chuig an ionad loingseoireachta, agus

xii. i gcás na forbartha láithreáin gaolmhaire sealadaí agus buaine ar fad (lena n-áirítear bóithre seirbhíse/athailíniú bóithre agus oibreacha faoi thalamh), áirítear leis an togra oibreacha tírdhreacha (lena n-áirítear soilsiú poiblí agus seirbhísí poiblí) agus gníomhaíochtaí atá ceaptha chun tógáil na forbartha a éascú.

Beidh an fhorbairt ar fad suite i mbailte fearainn na Rinne Móire agus Pháirceanna an Bhaile, Contae na Gaillimhe.

Cinneadh

Cead a dheonú faoi alt 37G den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, don fhorbairt bheartaithe thuas i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí luaite, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

An tsuim atá le híoc ag an iarratasóir i leith costais a bhaineann leis an iarratas, mar atá leagtha amach sa Sceideal Costas thíos, a CHINNEADH faoi alt 37H(2)(c).

Cúiseanna agus Cúinsí

Agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna i ndáil leis an gcinneadh uaidh a dhéanamh, rinne an Coimisiún an cinneadh uaidh i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

- alt 15(1) den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, arna leasú le halt 17 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus an ceanglas atá ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh, a mhéid is féidir, ar mhodh atá ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus leis an bPlean Gníomhaithe ar son

na hAeráide 2025, agus leis an straitéis fhadtéarmach náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide, leis an gcreat náisiúnta oiriúnaithe agus leis na pleananna ceadaithe oiriúnaithe earnála, agus ar mhodh atá ceaptha chun an cuspóir a chur chun cinn arb éard é astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide sa Stát, agus

- Treoir 2000/60/CE, an Chreat-treoir Uisce, agus an ceanglas atá ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh atá ag teacht leis na forálacha den Treoir agus a chomhlíonann ceanglais na Treorach nó a chuireann an comhlíonadh sin chun cinn.

Ina theannta sin, agus é ag teacht ar an gcinneadh uaidh, bhí aird ag an gCoimisiún ar na nithe seo a leanas:

- (a) Beartas Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil pleanála, fuinnimh agus aeráide agus beartais iomchuí eile, lena n-áirítear na nithe seo a leanas go háirithe:

Beartas/Reachtaíocht Eorpach:

- i. Treoir 2011/92/AE (an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta),
- ii. Treoir 92/43/CEE (an Treoir um Ghnáthóga) agus Treoir 79/409/CEE, arna leasú le Treoir 2009/147/CE (an Treoir um Éin), agus
- iii. Calafort na Gaillimhe a chur ar áireamh mar Chalafort Cuimsitheach sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T).

Beartas agus Treoir Náisiúnta, lena n-áirítear:

- i. Tionscadal Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála, lena n-áirítear An Creat Náisiúnta Pleanála: An Chéad Athbhreithniú, Aibreán 2025,
- ii. An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030,
- iii. An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí, 2021,
- iv. Beartas Náisiúnta na gCalafort, 2013,
- v. cuspóirí 4^ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2023–2030,
- vi. An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025,
- vii. Straitéis Fhadtéarmach na hÉireann maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú, 2024, agus
- viii. An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.



Beartas réigiúnach agus áitiúil:

- i. Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032,
 - ii. Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029, arna athrú, agus
 - iii. Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028, arna athrú.
- (b) suíomh, cineál, scála agus leagan amach na forbartha beartaithe,
- (c) an raon beart maolaithe atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2014, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, sa Ráiteas Tionchair Natura agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Natura, 2024, agus sa Phlean um Bearta Cúitimh, Bearta Tionlacain agus Tairbhí Comhshaoil Breise,
- (d) na saintuarascálacha maidir le héiceolaíocht mhuirí, hidreolaíocht mhuirí agus cáilíocht uisce arna n-ullmhú thar ceann an Choimisiúin,
- (e) na haighneachtaí a fuarthas i ndáil leis an iarratas ó na páirtithe agus na breathnóirí uile, ag gach céim den phróiseas, lena n-áirítear iad sin a fuarthas sa bhliain 2014, na haighneachtaí a rinneadh ag an éisteacht ó bhéal a tionóladh an 6^ú lá de mhí Eanáir 2015 (réamhéisteacht) agus a tionóladh thar roinnt laethanta idir an 13^ú lá de mhí Eanáir 2015 agus an 23^ú lá de mhí Eanáir 2015, agus na haighneachtaí a rinneadh tar éis an Fhaisnéis Bhreise a fuarthas ón iarratasóir an 27^ú lá de mhí Mheán Fómhair 2024 a scaipeadh, á lua go háirithe go ndearnadh na tosca agus na tráchttaireachtaí ábhartha uile a scrúdú agus a scaipeadh ina n-iomláine le linn na tréimhse tosaigh 2014/2015 (roimh an Ordachán ón mBord (mar a bhí ag an am) dar dáta an 25^ú lá de mhí Mheán Fómhair 2015 á rá go saothrófaí an rogha maidir le Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh) agus le linn na tréimhse tar éis an tuairim ón Aire a fháil sa bhliain 2024 á rá go bhfuil na bearta beartaithe cúitimh leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán an líonra Natura 2000 a chosaint agus, dá bhrí sin, go bhféadfar cinneadh pleanála a dhéanamh ar an gcás, ar shlí gur phléigh an Coimisiún go hiomlán leis na tosca ábhartha uile agus gur dheimhin leis gur os a chomhair a bhí an fhaisnéis ar fad ba ghá chun an t-iarratas a chinneadh gan aon ghá le haon chleachtaí

breise, amhail an éisteacht ó bhéal a athoscailt nó aon ábhar a scaipeadh tuilleadh,

- (f) an tOrdachán ón mBord (mar a bhí ag an am) dar dáta an 25^ú lá de mhí Mheán Fómhair 2015,
- (g) an litir ón mBord (mar a bhí ag an am) dar dáta an 24^ú lá de mhí an Mhárta 2021 chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lenar cuireadh faoi iamh an Sonrú Cáis ar son Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh,
- (h) an fógra de bhun alt 177AB(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an 27^ú lá de mhí Feabhra 2024, inar luadh an tuairim uaidh go bhfuil na bearta beartaithe cúitimh leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán an líonra Natura 2000 a chosaint, agus
- (i) na tuarascálacha agus na moltaí ó na Cigirí, lena n-áirítear an tuarascáil bhunaidh dar dáta an 27^ú lá de mhí Feabhra 2015, an tuarascáil fhorlíontach dar dáta an 6^ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2020, agus an tuarascáil aguisín deiridh dar dáta an 4^ú lá de mhí Feabhra 2026.

Measúnacht Chuí: Céim 1

Rinne an Coimisiún breithniú ar an measúnacht chuí bhunaidh agus na conclúidí bunaidh a rinneadh sa bhliain 2015 agus, mar gheall ar an méid ama a chuaigh thart ó cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála, chinn an Coimisiún cleachtadh scagtha measúnachta cuí sa bhreis a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis nuashonraithe agus ar fhaisnéis iomchuí eile, i ndáil leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe ar Láithreáin Eorpacha ainmnithe. Thug an Coimisiún faoi deara nach bhfuil an fhorbairt bheartaithe nasctha go díreach le bainistíocht aon Láithreáin Eorpach agus nach bhfuil sí riachtanach maidir le bainistíocht aon láithreáin den sórt sin, agus rinne sé breithniú ar chineál, scála agus suíomh na forbartha beartaithe, mar aon leis an tuarascáil Aguisín ón gCigire.

Chomhaontaigh an Coimisiún leis an leagan nuashonraithe den mheasúnacht scagtha agus leis an gconclúid a rinneadh sa tuarascáil Aguisín deiridh ón gCigire á rá gurb iad Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód

Láithreáin: 000268), Limistéar Caomhantais Speisialta Shliabh Tuaidh/an Toir Mhóir/Ghaoth Luacharóis Beag (Cód Láithreáin: 000190), Limistéar Caomhantais Speisialta Inis Bó Finne agus Inis Airc (Cód Láithreáin: 000278), Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Coirib (Cód Láithreáin: 000297), Limistéar Caomhantais Speisialta Oileáin Cheann Léime (Cód Láithreáin: 000328), Limistéar Caomhantais Speisialta Dhubhoileán (Cód Láithreáin: 000495), Limistéar Caomhantais Speisialta Cheannúir (Cód Láithreáin: 000507), Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Mhám Toirc (Cód Láithreáin: 002008), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Phortach Chonamara (Cód Láithreáin: 002034), Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileáin Chill Chiaráin (Cód Láithreáin: 002111), Limistéar Caomhantais Speisialta na Sionainne Íochtair (Cód Láithreáin: 002165), Limistéar Caomhantais Speisialta na mBlascaodaí (Cód Láithreáin: 002172), Limistéar Caomhantais Speisialta Chósta Chonnacht Thiar (Cód Láithreáin: 002998), Limistéar Caomhantais Speisialta Bhá Dhún na nGall (Muirbheach) (Cód Láithreáin: 000133), Limistéar Caomhantais Speisialta Phointe Charraig an Rois (Cód Láithreáin: 000191), Limistéar Caomhantais Speisialta Inis Mór (Cód Láithreáin: 000213), Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Chill Ala/Inbhear na Muaidhe (Cód Láithreáin: 000458), Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Easa Dara (Cód Láithreáin: 000622), Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Bhun Duibhe agus Mhachair/Thrá Tuaidh/an Mhullaigh Mhóir (Cód Láithreáin: 000625), Limistéar Caomhantais Speisialta Thrá an Choimín/Bhá Dhroim Chliabh (Cuan Shligigh) (Cód Láithreáin: 000627), Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan Mó (Cód Láithreáin: 001482), Limistéar Caomhantais Speisialta Leithinis Cheann Léime (Cód Láithreáin: 002074), Limistéar Cosanta Speisialta Chuan na Gaillimhe Istigh (Cód Láithreáin: 004031) agus Limistéar Cosanta Speisialta Loch Coirib (Cód Láithreáin: 004042) na Láithreáin Eorpacha ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha orthu, agus ghlac an Coimisiún an mheasúnacht scagtha agus an conclúid sin.

Agus aird á tabhairt ar na leasanna cáilitheacha ar ainmníodh na Láithreáin Eorpacha uile eile lena n-aghaidh, agus ar an easpa nasc inmharthana atá ag na Láithreáin Eorpacha sin leis an láithreán is ábhar don iarratas, agus ar an achar idir na Láithreáin Eorpacha sin agus an láithreán is ábhar don iarratas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí iad sin a scagadh amach ó bhreithniú breise

agus nach dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt bheartaithe, ina haonar nó in éineacht le pleananna agus tionscadail eile, ar aon Láithreáin Eorpacha eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na Láithreán, agus, dá bhrí sin, nach bhfuil measúnacht chuí Chéim 2 ag teastáil i ndáil leis na Láithreáin Eorpacha sin.

Measúnacht Chuí: Céim 2

Rinne an Coimisiún breithniú ar an Ráiteas Tionchair Natura, mar a cuireadh isteach ar dtús, agus ar an Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Natura, 2024, agus rinne sé measúnacht chuí ar impleachtaí an togra do na Láithreáin Eorpacha thuasluaite, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na Láithreán.

I dteannta na tuarascála aguisín deiridh ón gCigire agus nasaintuarascála gaolmhaire ón éiceolaí muirí, mheas an Coimisiún gur leor an fhaisnéis a bhí os a chomhair chun measúnacht chuí a dhéanamh. Agus an mheasúnacht á cur i gcrích aige, rinne an Coimisiún breithniú ar na nithe seo a leanas:

- i. na tionchair dhíreacha agus indíreacha ar dóigh dóibh teacht as an bhforbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile,
- ii. na bearta maolaithe atá ar áireamh sa togra reatha, agus
- iii. na cuspóirí caomhantais do na Láithreáin Eorpacha.


Agus an mheasúnacht chuí á cur i gcrích aige, ghlac an Coimisiún leis an measúnacht chuí a rinneadh sna tuarascálacha ó na Cigirí agus leis na conclúidí ar thángthas orthu sa Tuarascáil Aguisín deiridh ón gCigire maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe ar na Láithreáin Eorpacha réamhluaite, agus ghlac sé an mheasúnacht sin, agus aird á tabhairt ar na cuspóirí caomhantais.

Sa chonclúid fhoriomlán uaidh, ba dheimhin leis an gCoimisiún, thar aon amhras eolaíoch réasúnach, nach ndéanadh an fhorbairt bheartaithe, lena n-áirítear na bearta maolaithe atá leagtha amach sna doiciméid iarratais agus atá daingnithe le coinníoll, dochar do shláine na Láithreán Eorpach thuasluaite, ná d'aon Láithreán Eorpach eile, seachas Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268), cibé acu ina haonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais na Láithreán.

Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh

Tar éis breithniú a dhéanamh ar an ábhar iomchuí agus na haighneachtaí iomchuí ar fad atá ar comhad, dheimhnigh an Coimisiún an chonclúid bhunaidh uaidh go mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt bheartaithe ar shláine Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268). Beag bean ar an measúnacht dhiúltach ar na himpleachtaí do Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268), meastar gur gá an fhorbairt bheartaithe a cheadú go fóill ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, is iad sin an gá atá lena chinntiú go leanfaidh Gaillimh le hoibriú mar chalafoirt réigiúnach agus na tairbhí fadtéarmacha sóisialta nó eacnamaíocha a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe a chinntiú. Seo a leanas na cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh a fhágann gur gá toiliú a thabhairt don fhorbairt bheartaithe:

- (a) Cuirtear i láthair sa togra forbairt chomhtháite a chuirfidh feabhas ar na mórthairbhí sóisialta, eacnamaíocha agus áineasa a bhaineann leis an gcalafoirt do phobal na Gaillimhe agus dá cúlchríoch réigiúnach.
- (b) Tá feabhsú an chalafoirt a fhreastalaíonn ar an réigiún ag teacht le beartais Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha atá i bhfabhar forbairt chothromaithe spáis agus eacnamaíoch.
- (c) Ní hé amháin go bhfuil an calafoirt agus an traidisiún trádála muirí ina ngné bhunúsach do gheilleagar na Gaillimhe, ach tá siad ina ngné bhunúsach dá cultúr agus dá féiniúlacht freisin.
- (d) Dá mba rud é nach dtabharfaí aghaidh ar shrianta láithreacha an chalafoirt, thioctadh an calafoirt chun bheith neamh-inmharthana agus thioctadh meath ar an gcalafoirt idir an meántearma agus an fadtéarma agus, dá mba rud é nach dtabharfaí aghaidh ar shrianta láithreacha SEVESO, mar a trasúidh leis na Rialacháin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (COMAH), chuirfí bac ar an turasóireacht agus ar an acmhainneacht atá ann ceathrú uirbeach nua a fhorbairt.
- (e) Ní raibh tograí malartacha laistigh den chuan indéanta, agus ba mhó na tionchair a bheadh acu ar chuspóirí caomhantais Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268) ná na tionchair a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe.



- (f) Dá mba rud é go n-aistreofaí gníomhaíocht loingseoireachta tráchtála ar shiúl ó Gaillimh chuig Sionainn-Faing, chuirfí as don chumas atá ag Calafort na Gaillimhe an ról atá aige mar Chalafort Cuimsitheach ainmnithe sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompair a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh freisin go mbainfí an bonn d'fhorbairt na Gaillimhe mar spreagadh tábhachtach fáis náisiúnta agus mar phríomh-lárionad réigiúnach sa Chreat Náisiúnta Pleanála, agus chuirfí bac ar leathnú muirí/fóillíochta laistigh de Chathair na Gaillimhe.
- (g) Áirítear leis na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an tionscadal na tionchair dhearfacha a imreofar ar an turasóireacht, ar thaighde muirí agus ar fhorbairt mhuirí, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, athghiniúint uirbeach, agus deiseanna fóillíochta muirí.
- (h) Meádh go sainráite cailliúint leasanna cáilitheacha Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268) agus na cúiseanna dianriachtanacha leis an bhforbairt bheartaithe, atá de chineál sóisialta agus eacnamaíoch den chuid is mó.

Chinn an Coimisiún nach ann d'aon roghanna eile indéanta as a dtiocfadh tionchair laghdaithe ar ghnáthóga, speicis agus sláine Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268) seachas Cuan na Gaillimhe a shíneadh.

Maidir leis na tograí le haghaidh bearta cúitimh don chailliúint dhíreach bhuan gnáthóige sceireacha atá faoi cheannas fúcóideach (Cód Gnáthóige: 1170), don láib agus don mhachaire gainimh nach mbíonn cumhdaithe ag sáile ag lag trá (Cód Gnáthóige: 1140), agus don chailliúint fásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha (Cód Gnáthóige: 1220) mar gheall ar fhoscadh, agus iad go léir suite i Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268), is deimhin leis an gCoimisiún, agus aird á tabhairt ar iomláine na ndoiciméad atá ar comhad, go bhfuil na tograí sin leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán an líonra Láithreán Eorpach a chosaint, agus meastar go dtabharfaidh siad aghaidh ar na tionchair ar shláine Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód Láithreáin: 000268), agus bearta gaolmhara tionlacain agus tairbhí comhshaoil breise ann. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún breithniú ar an bhFógra de bhun alt 177AB(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus


Oidhreacht an 27^ú lá de mhí Feabhra 2024. Deimhnítear san Fhógra sin an tuairim ón Aire go bhfuil na bearta beartaithe cúitimh leordhóthanach chun a chinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán an líonra Láithreán Eorpach a chosaint. Thug an Coimisiún faoi deara freisin gurb amhlaidh, de bhun an Fhógra a fuarthas ón Aire faoi alt 177AB(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, a fhéadfaidh sé (mar údarás inniúil) a chinneadh toiliú a dheonú don fhorbairt bheartaithe fara coinníollacha nó gan choinníollacha.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Chuir an Coimisiún measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích ar an bhforbairt bheartaithe, agus aird á tabhairt aige ar na nithe seo a leanas:

- (a) cineál, scála, suíomh agus méid na forbartha beartaithe,
- (b) an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2014, na hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, an tAguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus na doiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas,
- (c) na haighneachtaí a fuarthas le linn an iarratais, agus
- (d) na tuarascálacha agus an moladh ó na Cigirí, agus na tuarascálacha ón Éiceolaí Muirí, ón Hidreolaí Muirí agus ón Eolaí Comhshaoil mar thaca leo.

Thug an Coimisiún faoi deara nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta 2014 maidir leis an iarratas pleanála reatha seo agus gur cuireadh an mheasúnacht timpeallachta reachtúil i gcrích trí thagairt don Treoir is infheidhme ón Aontas Eorpach, mar a bhí trasuite tráth a rinneadh an t-iarratas (Treoir 2011/92/AE (An Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta)). Mar sin féin, chun líofacht teanga agus foirme a sholáthar, cuireadh tagairtí do na ceannteidil seo a leanas san áireamh sa mheasúnacht; daonra agus sláinte an duine, bithéagsúlacht, agus aird ar leith á tabhairt ar na speicis agus na gnáthóga atá faoi chosaint faoin Treoir um Ghnáthóga agus faoin Treoir um Éin (Treoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE faoi seach), talamh, ithir, uisce, aer agus aeráid, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach, agus an idirghníomhaíocht idir na tosca sin. Cuireadh conclúid réasúnaithe ar áireamh inti freisin.




Maidir leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2014, na hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus an tAguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus na doiciméid tacaíochta a chuir an t-iarratasóir isteach, mheas an Coimisiún go mbreithnítear go himleor iontu roghanna eile ar an bhforbairt bheartaithe agus go sainaithnítear go himleor iontu na héifeachtaí díreacha, indíreacha, tánaisteacha agus carnacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol agus go dtugtar tuairisc imleor ar na héifeachtaí sin iontu. Chomhaontaigh an Coimisiún leis an scrúdú, mar atá leagtha amach sa tuarascáil Aguisín Deiridh ón gCigire, ar an bhfaisnéis atá sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2014, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus sna doiciméid ghaolmhara a chuir an t-iarratasóir isteach agus sna haighneachtaí a rinneadh le linn an iarratais pleanála.

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh inghlactha a bheadh éifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol, aisti féin agus in éineacht le forbairtí láithreacha agus ceadaithe eile sa chomharsanacht, faoi réir na bearta beartaithe maolaithe a chur chun feidhme, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2014, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach anseo a chomhlíonadh. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ghlac an Coimisiún an tuarascáil Aguisín deiridh agus na conclúidí ón gCigire tuairiscithe.

Conclúidí Réasúnaithe ar na hÉifeachtaí Suntasacha:

Agus aird á tabhairt ar an scrúdú ar an bhfaisnéis timpeallachta atá tugtha thuas, go háirithe an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2014, na hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, an tAguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus an fhaisnéis fhorlíontach a sholáthair an t-iarratasóir, agus ar na haighneachtaí ón údarás pleanála, ó chomhlachtaí forordaithe agus ó bhreathnóirí le linn an iarratais, meastar gurb iad seo a leanas na príomhthionchair shuntasacha dhíreacha, indíreacha nó



channacha a bheadh ag an bhforbairt atá ceadaithe istigh anseo ar an gcomhshaoil agus go maolófar iad mar a leanas:

1. Eascróidh astaíochtaí **torainn agus tonnchreatha** as gníomhaíocht tógála, go háirithe le linn gníomhaíochtaí píleála, pléasctha faoi uisce agus dreidireachta. Mhaolófaí na tionchair ó ghníomhaíochtaí den sórt sin go leordhóthanach trí na nithe seo a leanas:
 - (a) Cloí le luachanna sainaitheanta teorann astaíochta agus le treoirlínte do ghníomhaíochtaí den sórt sin (BS 5607:1998),
 - (b) Cineál gearrthéarmach na ngníomhaíochtaí, agus teorainneacha ar ghníomhaíochtaí laethúla pléasctha.
 - (c) Criosanna eisiaimh mamach farraige agus breathnóirí mamach farraige a úsáid le linn oibreacha tógála.
 - (d) An spás idir an fhorbairt agus an líne chladaigh agus gabhdóirí íogaire.
 - (e) Faireachán leanúnach.
2. Eascróidh tionchair dhiúltacha ar an **mbithéagsúlacht** as gníomhaíochtaí tógála agus oibríochta. Maolófar na tionchair sin trí chloí le bearta tógála dea-chleachtais agus tríd an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála deiridh a chur chun feidhme. Cailfear gnáthóga muirthimpeallachta go díreach mar thoradh ar thógáil na forbartha freisin. Mhaolófaí na tionchair sin go leordhóthanach tríd an bPlean um Bearta Cúitimh, Bearta Tionlacain agus Tairbhí Comhshaoil Breise a chur chun feidhme.
3. Scaoileadh solad ar fuaidreamh agus suaitheadh **ithreach** isteach i gCuan na Gaillimhe, mar aon le sioltachán gaolmhar ar ghrinneall na farraige. Mhaolófaí na tionchair sin go leordhóthanach trí na nithe seo a leanas:
 - (a) Ithreacha a bhaint de limistéir os cionn carraige chun srian a chur le suaitheadh ithreach de dheasca carraig a dhruileáil, a phléascadh agus a bhaint.
 - (b) Cothromaíocht a bhaint amach idir dreidireacht dríodair agus athúsáid dríodair mar mhíntíriú talún.
 - (c) Scaoileadh íosta dríodar ar fuaidreamh isteach san fharraige trí mhodhanna oiriúnacha tógála a chur chun feidhme.
4. Scaoileadh solad ar fuaidreamh isteach san **uisce** i gCuan na Gaillimhe, mar aon le sioltachán gaolmhar ar ghrinneall na farraige agus le scaoileadh

truailleán ó thiúchain mhéadaithe dríodair ar fuaidreamh le linn dreidireachta. Mhaolófaí na tionchair ó ghníomhaíochtaí den sórt sin go leordhóthanach trí leas a bhaint as méadair mhoirtiúlachta ag láithreáin dreidireachta chun obair chuí os cionn uisce a thaifeadadh agus a rialú chun a chinntiú go rialófar an dreidireacht.

5. Drochthionchar ar an **tírdhreach** agus ar thaitneamhacht **amhairc** le linn na tógála agus ar chríochnú na forbartha beartaithe. Maolaíodh é sin le linn na céime deartha, agus áirítear leis an bhforbairt anois scéim tírdhreachaithe atá ceaptha chun an tionchar amhairc fadtéarmach a laghdú.
6. Beidh éifeacht dhiúltach shealadach ann ar an **Trácht** agus ar an **lompar** le linn na tógála, agus sruth tráchta tógála feithiclí earraí troma ann ar an ngréasán sráideanna mar thoradh ar an bhforbairt. Maolófar é sin trí Plean mionsonraithe Bainistíochta Tráchta Tógála a chur chun feidhme.
7. Eascróidh as tochair agus forbairt an láithreáin tionchair dhíreacha ar ghnéithe is díol spéise ó thaobh **seandálaíochta** agus ar ghnéithe nár taifeadadh roimhe seo. Mhaolófaí na tionchair go leordhóthanach trí na nithe seo a leanas:
 - (a) Na láithreáin seandálaíochta uile agus na limistéir sheandálaíochta uile a saináithníodh le linn tástáil seandálaíochta agus le linn suirbhéanna faoi uisce a réiteach go hiomlán.
 - (b) Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus an Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála a chomhlíonadh.
 - (c) Comhaontófar ráiteas modha le haghaidh oibreacha seandálaíochta le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus obair allamuigh agus faireachán á ndéanamh ag conraitheoir seandálaíochta atá cáilithe agus ceadúnaithe go cuí.
 - (d) Oibreacha seandálaíochta a chríochnú sula dtosófar oibreacha cumasúcháin.

Tionchair Charnacha agus Tionchair ó idirghníomhaíochtaí:

Meastar gur féidir éifeachtaí de dheasca idirghníomhaíochtaí agus éifeachtaí indíreacha agus carnacha a sheachaint, a bhainistiú nó a mhaolú trí na bearta atá mar chuid den fhorbairt bheartaithe agus trí na bearta beartaithe maolaithe atá

mionsonraithe sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024. Dá bhrí sin, ní ann d'aon rud a chuireann cosc ar cheadú na forbartha beartaithe de dheasca éifeachtaí suntasacha comhshaoil nó mar thoradh ar éifeachtaí carnacha nó ar éifeachtaí a eascróidh as idirghníomhaíochtaí idir tosca comhshaoil.

Ba dheimhin leis an gCoimisiún freisin gur tharla sé, agus cead á mheasúnú agus á dheonú aige don fhorbairt bheartaithe, gur chomhlíon sé a fheidhmeanna, a mhéid ab indéanta, ar mhodh a bhí ag teacht leis na pleananna agus na cuspóirí aeráide is infheidhme, mar a cheanglaítear le halt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, arna leasú.

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go bhfuil ceadú na forbartha beartaithe ag teacht le ceanglais na Creat-treorach Uisce (2000/20/CE) agus nach gcuirfeadh sé comhlíonadh na gceanglas sin i mbaol.

Pleanáil Chuí agus Forbairt Inchothaithe

Meastar, faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh, go mbeadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le beartais Eorpacha (á thabhairt faoi deara gur cuireadh Calafort na Gaillimhe ar áireamh mar Chalafort Cuimsitheach sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T)), le beartais náisiúnta agus le beartais réigiúnacha agus leis na forálacha iomchuí de Phlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029, arna athrú, nach ndéanfadh sí díobháil mhór do thaitneamhachtaí amhairc nó cónaithe an limistéir, nach mbeadh tionchar do-ghlactha aici ar shainghné an tírdhreacha ná ar an oidhreacht chultúrtha nó seandálaíochta, nach ndéanfadh sí dochar suntasach don bhithéagsúlacht sa limistéar, i bhfianaise bearta sonraithe cúitimh a chur chun feidhme, go mbeadh sí inghlactha ó thaobh sábháilteacht tráchta de agus go mbeadh sí ina sócmhainn bonneagair shuntasach dhearfach a rachadh chun tairbhe do Chathair na Gaillimhe agus don mhór-réigiún. Ina theannta sin, éascófar leis an bhforbairt bheartaithe iompar idirmhódúil, mar aon le tionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus ar talamh lena dtacófar go dearfach le comhlíonadh na spriocanna agus na gcuspoirí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 agus

sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, agus beidh an togra le haghaidh nasc iarnróid lasta ina éascaitheoir féideartha le haghaidh lasta agus lastas a iompar go héifeachtúil chuig an Síneadh le Cuan na Gaillimhe agus uaidh araon, nuair is indéanta, chun an bealach a réiteach do thairbhí dearfacha tráchta ar bhóithre agus do thairbhí dearfacha comhshaoil. Meastar freisin go bhfuil an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir leis na beartais atá i bpleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus bunaíodh na beartais sin faoi seach faoi chuimsiú oibleagáidí aeráide na hÉireann. Agus é ag teacht ar an gconclúid sin, bhí aird ag an gCoimisiún ar na hastaíochtaí cainníochaithe gás ceaptha teasa le linn na céime tógála agus le linn na céime oibríochtúla atá san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus is deimhin leis, cé go nginfear astaíochtaí gás ceaptha teasa le linn thógáil na forbartha beartaithe, gur féidir í a bhreithniú go fabhrach i gcomhthéacs na n-oibleagáidí foriomlána aeráide. Is deimhin leis an gCoimisiún freisin go ndearnadh riosca tuilte agus próisis chósta a mheasúnú agus a mhaolú go leordhóthanach agus go bhfuil an fhorbairt bheartaithe inghlactha sa chomhthéacs sin. Dhéanfaidh an fhorbairt bheartaithe rannchuidiú dearfach le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch Chathair na Gaillimhe agus réigiún an Iarthuaiscirt, agus bheadh sí inghlactha i leith na n-éifeachtaí ar dóigh di a bheith aici ar an gcomhshaoil. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

COINNÍOLLACHA

1. Déanfar an fhorbairt bheartaithe agus críochnófar í i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh in éineacht leis an iarratas an 10^ú lá de mhí Eanáir 2014 agus leis an bhfaisnéis bhreise a cuireadh isteach an 16^ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2014 agus an 27^ú lá de mhí Mheán Fómhair 2024, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. I gcás go gceanglófar leis na coinníollacha sin go gcomhaontófaí mionsonraí leis an údarás pleanála, comhaontóidh an forbróir

mionsonraí den sórt sin i scríbhinn leis an údarás pleanála sula dtosófar an fhorbairt, agus déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir leis na sonraí comhaontaithe.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

2. Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine na bearta maolaithe agus na gealltanais chomhshaoil uile atá sainaitheanta sa Ráiteas Tionchair Natura agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Natura, 2024.

Cúis: Chun an comhshaoil agus sláine Láithreán Eorpach a chosaint.

3. Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine an maolú, na gealltanais chomhshaoil agus na bearta faireacháin ar fad atá sainaitheanta sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024.

Cúis: Ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil.

4. (a) Cuirfear i gcrích ina n-iomláine na gealltanais chomhshaoil uile atá sa Phlean um Bearta Cúitimh, Bearta Tionlacain agus Tairbhí Comhshaoil (Tobin Consulting Engineers agus Aquafact, 2022).
- (b) Tosófar ar na Bearta Cúitimh (atá leagtha amach i gCuid 2 den Phlean um Bearta Cúitimh, Bearta Tionlacain agus Tairbhí Comhshaoil (Tobin Consulting Engineers agus Aquafact, 2022)) a chur chun feidhme sula dtosófar an fhorbairt, agus cuirfear na bearta sonracha seo a leanas atá leagtha amach i dTábla 2-2: Bearta Cúitimh ag Maolún don ghnáthóg Idirthaoideach (Bearta 2, 3, 4, 5 agus 6) agus i dTábla 2.4: Bearta Cúitimh

ag Tamhain Thiar do Bhruach Clochach (Bearta 1, 2, 6, 8 agus 9) i gcrích sula dtosófar an fhorbairt.

- (c) Sula dtosófar an fhorbairt, déanfar an t-uainiú do na spriocanna agus na modhanna faireacháin le haghaidh chomhlíonadh na mbeart cúitimh, na mbeart tionlacain agus na dtairbhí comhshaoil eile a chomhaontú i scríbhinn leis an údarás pleanála (Comhairle Cathrach na Gaillimhe), i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Cúis: Ar mhaithe lena chinntiú go gcoinneofar comhtháthú foriomlán an líonra Láithreán Eorpach ar bun.

5. Is é 10 mbliana ó dháta an Ordaithe seo a bheidh sa tréimhse ar lena linn a fhéadfar an fhorbairt bheartaithe a cheadaítear leis seo a chur i gcrích.

Cúis: Agus aird á tabhairt ar chineál na forbartha beartaithe, mheas an Coimisiún é a bheith réasúnach agus cuí tréimhse an cheada a shonrú a bheith níos faide ná cúig bliana.

6. Déanfar na gníomhaíochtaí dreidireachta don ghearradh cainéil loingseoireachta beartaithe de na dugáí agus den mhuiríne ar an taobh thiar den chuan a theorannú don chéim ina mbeidh an taoide ag dul amach.

Cúis: Chun an ghnáthóg tosaíochta murlaigh cósta i Loch an tSáile a chosaint.

7. Sula gcuirfean an fhorbairt chríochnaithe ar fáil lena háitiú, cuirfean Straitéis Bainistíochta Soghluaisteachta faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar í i scríbhinn leis. Leis an straitéis sin, déanfar socrú do dhreasachtaí a bheidh ceaptha chun úsáid an iompair phoiblí, na rothaíochta, an tsiúil agus na carr-roinnte a spreagadh i measc baill foirne atá fostaithe ag

coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus chun an méid páirceála carranna a laghdú agus a rialáil.


Cúis: Ar mhaithe le húsáid modhanna inbhuanaithe iompair a spreagadh.

8. Ní rachaidh na leibhéil torainn a ghinfeadh le linn thógáil na forbartha thar na teorainneacha seo a leanas: 55 dB(A) i rith an lae; 50 dB(A) um thráthnóna; agus 45 dB(A) san oíche. Is ag an teach áitithe is gaire a thomhaisfeadh leibhéil torainn. Is thar aon tréimhse uair an chloig a thomhaisfeadh an torann sonrath.

Cúis: Chun taitneamhachtaí na réadmhaoine sa chomharsanacht a chosaint.

9. Déanfar an fhorbairt bheartaithe a oibriú agus a bhainistiú i gcomhréir le Córas Bainistíochta Comhshaoil, rud a chuirfidh an forbróir faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Áireofar na nithe seo a leanas leis sin:

- (a) togra le haghaidh torann ar an láithreán a shochtadh agus le haghaidh faireachán a dhéanamh ag gabhdóirí íogaire,
- (b) togra le haghaidh deannach a shochtadh ar an láithreán agus ar na bóithre mórtimpeall,
- (c) togra le haghaidh breosla, limistéir stórála bealaithe agus aon substaint eile a éileoidh an t-údarás pleanála a bhundú, agus mionsonraí faoi ghníomhaíocht éigeandála, lena n-áirítear comharthaí rabhaidh i gcás doirteadh/ligean de thaisme,
- (d) mionsonraí faoi bhearta sábháilteachta do na fáлта,
- (e) sonraíocht teorainneacha i ndáil leis na paraiméadair seo a leanas: ocsaíd nítrigine; dé-ocsaíd sulfair; aonocsaíd charbóin; agus ábhar cáithnínach PM10,
- (f) faireachán ar cháilíocht, leibhéil agus scaoileadh screamhuisce agus uisce dromchla, agus



- (g) mionsonraí faoin mbainisteoir láithreáin agus faoi chomharthaí faisnéise poiblí ag an mbealach isteach.

Cúis: Chun an comhshaol agus taitneamhachtaí áitiúla a choimirciú.

10. Déanfar an scéim tírdhreachaithe atá léirithe i bhFíoracha uimhir 1 go 7, Líníochtaí Imleabhar 2D den Ráiteas Tionchair Timpeallachta 2014, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála an 10^ú lá de mhí Eanáir 2014, a chur i gcrích laistigh den chéad séasúr cuir tar éis na hoibreacha tógála a chríochnú go substaintiúil. Déanfar an cur ar fad a chosaint go leordhóthanach ar dhamáiste go dtí go mbunófar iad. Aon phlandaí a éagfaidh, a bhainfear nó a thiocfaidh chun bheith an-damáistithe nó an-ghalrach laistigh de thréimhse cúig bliana ón bhforbairt bheartaithe a chríochnú, cuirfear ina n-ionad plandaí eile de mhéid chomhchosúil agus de speiceas comhchosúil laistigh den chéad séasúr cuir eile, ach amháin i gcás go gcomhaontófar a mhalairt i scríbhinn leis an údarás pleanála.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe agus amhairc.

11. Maidir le hoibreacha forbartha agus tógála láithreáin, ní dhéanfar iad ach amháin idir 0700 agus 1900 ón Luan go dtí an Aoine, agus an dá lá sin san áireamh, agus idir 0800 agus 1400 ar an Satharn, agus ní dhéanfar aon oibreacha ar bith ar an Domhnach ná ar laethanta saoire poiblí. Ní cheadófar aon imeacht ó na hamanna sin ach amháin in imthosca ina bhfuarthas réamhcheadú i scríbhinn ón údarás pleanála.

Cúis: Chun taitneamhachtaí cónaithe na réadmhaoine sa chomharsanacht a choimirciú.

12. Bainisteofar tógáil na forbartha beartaithe i gcomhréir le Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála, lena n-áirítear plean bainistíochta tráchta, rud a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula

dtosófar an fhorbairt. Beidh sa phlean sin na bearta maolaithe uile don chéim tógála atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Natura, san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Natura, 2024, sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus soláthrófar ann mionsonraí faoin gcleachtas beartaithe tógála don fhorbairt bheartaithe, lena n-áireofar na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (a) suíomh an láithreáin agus an chompúin/na gcompún ábhar, lena n-áireofar an limistéar/na limistéir atá sainaitheanta le haghaidh dramhaíl tógála a stóráil,
- (b) suíomh na limistéar le haghaidh oifigí láithreáin tógála agus saoráidí foirne,
- (c) mionsonraí faoi fhálta agus ballaí clár slándála ar an láithreán,
- (d) mionsonraí faoi shaoráidí páirceála carranna d'oibrithe láithreáin le linn na tógála,
- (e) mionsonraí faoi uainiú agus ródú an tráchta tógála isteach sa láithreán tógála agus amach as agus faoi threochomharthaí gaolmhara, lena n-áireofar tograí le haghaidh seachadadh ualaí neamhghnácha chuig an láithreán a éascú, más gá,
- (f) bearta chun teacht roimh chiúáil tráchta tógála ar an ngréasán tadhlaigh bóithre,
- (g) bearta chun doirteadh nó sil-leagan cré, spallaí nó smionagair eile a chosc ar an ngréasán bóithre poiblí,
- (h) na socruithe malartacha a chuirfeadh i bhfeidhm do choisithe agus feithiclí i gcás go ndúnfar aon bhóthar nó cosán poiblí le linn na n-oibreacha forbartha láithreáin,
- (i) mionsonraí faoi bhearta cuí le haghaidh torann, deannach agus tonnchrith a mhaolú agus le haghaidh faireachán a dhéanamh ar leibhéil torainn, deannaigh agus tonnchreatha,
- (j) an dóigh a ndéanfar an breosla agus an ola ar fad a bhaineann leis an tógáil a shrianadh laistigh de bhundaí saintógtha chun a chinntiú gur lánsrianta a bheidh aon doirteadh breosla. Beidh díon ar bhundaí den sórt sin chun uisce báistí a choinneáil amach,

- (k) mionsonraí faoi shoilsiú tógála,
- (l) an dóigh a ndiúscrófar dramhaíl tógála/scartála lasmuigh den láithreán, agus mionsonraí faoin dóigh a mbainistíofar ithir thochailte, agus
- (m) na modhanna chun a chinntiú go rialófar rith uisce dromchla chun srutha ionas nach rachaidh aon siolta ná truailleáin eile isteach i séaraigh nó draenacha áitiúla uisce dromchla.

Coinneofar taifead á léiriú go mbíonn seiceálacha laethúla á ndéanamh i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála agus leis na torthaí faireacháin, de réir mar is cuí, lena iniúchadh ag an údarás pleanála.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhachtaí, le cosaint an chomhshaoil, leis an tsláinte phoiblí, agus le sábháilteacht.

13. Ceapfaidh an forbróir éiceolaí atá cáilithe go cuí chun faireachán a dhéanamh agus chun a chinntiú go gcuirfear gach beart seachanta/maolaithe a bhaineann le flora agus fauna a chosaint i gcrích i gcomhréir leis an dea-chleachtas éiceolaíoch.

Cúis: Chun oidhreacht comhshaoil agus nádúrtha an limistéir a chosaint.

14. Fostófar Breathnóir seanchleachta Mamach Farraige ar feadh thréimhse na n-oibreacha réamhthógála agus ar feadh thréimhse tógála na forbartha beartaithe araon. Cinnteoidh an Breathnóir Mamach Farraige nach ndéanfar aon oibreacha más rud é go bhfeicfear mamaigh farraige laistigh d'achar gathach ón bhfoinse fuaimne mar a leanas:

Píleáil tionchair -	1,900 méadar
Pléascadh -	1,500 méadar
Dreidireacht -	1,700 méadar
Suirbhé seisimeach 2T -	1,000 méadar

Déanfaidh an forbróir oibreacha réamhthógála agus tógála i gcomhréir leis an Treoir maidir le Bainistiú a Dhéanamh ar an Riosca do Mhamaigh Farraige de

dheasca Foinsí Fuaime de Dhéantús an Duine in Uiscí na hÉireann (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Eanáir 2014) nó i gcomhréir le haon leagan nuashonraithe den treoir sin ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.


Cúis: Chun oidhreacht comhshaoil agus nádúrtha an limistéir a chosaint.

15. Maidir le socruithe soláthair agus draenála uisce, lena n-áireofar uisce dromchla a dhiúscairt, comhlíonfaidh siad ceanglais an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha den sórt sin i leith na céime tógála agus na céime oibríochtúla araon den fhorbairt bheartaithe.

Cúis: Ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil agus leis an tsláinte phoiblí.

16. Cuirfear chun feidhme ina n-iomláine na bearta maolaithe uile i ndáil leis an tseandálaíocht atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024. Sula dtosófar oibreacha tógála, fostóidh an forbróir seandálaí atá cáilithe go cuí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Déanfar tochairt tástála spriocdhírthe faoi uisce ar W17455, ar bád briste é, chun cineál agus comhthéacs beacht an ábhair atá i láthair a shuí. Déanfar an tochairt sin i gcomhréir le Rannán 13.2.4.2 den Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus ar aon dul le haon mholtaí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ina dhiaidh sin, agus más rud é go n-aimseofar iarsmaí comhtháite d'aon soitheach stairiúil le linn na tástála seandálaíochta, is féidir go mbeidh tuilleadh beart maolaithe ag teastáil, lena n-áireofar an bád briste a thochailt go hiomlán. Comhaontófar aon cheanglais maolaithe seandálaíochta sa bhreis i scríbhinn leis an údarás pleanála agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.




(b) Ceanglaítear ar an bhforbróir seandálaí atá cáilithe go cuí (atá ceadúnaithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta) a fhostú chun Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Seandálaíochta a chur faoi bhráid an údaráis pleanála lena comhaontú i scríbhinn aige, tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, sula ndéanfar aon oibreacha ullmhúcháin láithreáin nó aon oibreacha talún, lena n-áirítear oibreacha imscrúdaithe láithreáin, glanadh láithreáin agus/nó oibreacha tógála. Beidh sé sin sa bhreis ar aon bhearta maolaithe atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024.

- i. I gcás go léireofar go bhfuil ábhar seandálaíochta i láthair, is féidir go mbeidh seachaint, slánchoimeád in situ, slánchoimeád trí thaifead (tochailt seandálaíochta) agus/nó faireachán ag teastáil.
- ii. Ní dhéanfar aon oibreacha ullmhúcháin láithreáin agus/nó aon oibreacha tógála ar an láithreán go dtí go mbeidh an tuarascáil ón seandálaí curtha faoi bhráid an údaráis pleanála agus go dtí go mbeidh cead chun dul ar aghaidh comhaontaithe i scríbhinn leis an údarás pleanála.

(c) Áireofar leis an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála suíomh na srianta seandálaíochta uile a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, sna hAguisíní/Earráidí a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, Deireadh Fómhair 2014, agus san Aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, 2024, agus in aon imscrúduithe seandálaíochta ina dhiaidh sin a bhaineann leis an tionscadal. Tuairisceofar go soiléir sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála na tionchair shainaitheanta sheandálaíochta uile, idir thionchair dhíreacha agus thionchair indíreacha, ar dóigh dóibh a bheith ann agus na bearta maolaithe uile atá le déanamh chun an timpeallacht oidhreachta seandálaíochta a chosaint le linn an láithreán a ullmhú agus le linn na gníomhaíochta tógála.

(d) Tabharfar tuarascáil seandálaíochta deiridh, ina dtabharfar tuairisc ar na torthaí ar an bhfaireachán seandálaíochta agus ar aon obair imscrúdaitheach seandálaíochta nó aon tochailt seandálaíochta a bhí ag teastáil, don údarás pleanála agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tar éis an obair seandálaíochta ar fad a chríochnú ar an láithreán agus tar éis aon sainanailís iarthochailte is gá. Is é an forbróir a íocfaidh na costais seandálaíochta iarmhartacha agus ghaolmhara uile.

Cúis: Chun an tionscadal a ailíniú le hoibleagáidí reachtúla agus le cuspóirí beartais le haghaidh oidhrecht seandálaíochta faoi uisce an Stáit a chosaint agus chun slánchoimeád leantach áiteanna, uaimheanna, láithreán, gnéithe agus rudaí eile is díol spéise ó thaobh seandálaíochta a chinntiú (cibé acu in situ nó trí thaifead).



Application for permission under section 37E of the Planning and Development Act 2000, as amended, in accordance with plans and particulars, including an Environmental Impact Statement and Natura Impact Statement, lodged with An Coimisiún Pleanála on the 10th day of January 2014 by Galway Harbour Company care of TOBIN Consulting Engineers of Fairgreen House, Fairgreen Road, County Galway, as amended by the further information received on the 16th day of October 2014 and the 27th day of September 2024.

Proposed development: The proposed development of an extension of Galway Harbour including:

